



# feilte

Scéim Sparánachtaí  
2024


Achoimre ar

thionscadail agus  
ar fhoghlaim ghairmiúil

# Clár Ábhar

---

<b>Brollach</b>	<b>4</b>
<b>Forbhreathnú ar Scéim Sparánachtaí Féilte 2024</b>	<b>5</b>
<b>Tionscadail maoinithe</b>	<b>6</b>
Gaeilge	8
Cuimsiú	10
Ceannaireacht	18
Foghlaim Allamuigh	20
Cleachtas athchóiritheach agus frithbhulaíocht	22
Teagasc agus foghlaim	30
Teicneolaíocht	35
Folláine	38



## Brollach

Tá áthas orainn an foilseachán seo a chur i láthair, a chomórann bliain tosaigh scéim sparánachta Féilte. Tá an scéim an-rathúil maidir le foghlaim ghairmiúil chomhoibríoch a chur chun cinn i scoileanna ar fud na tíre. Is léiriú cumhachtach ar cháilíocht, ar chruthaitheacht agus ar thiomantas ghairm na múinteoireachta in Éirinn an fhoghlaim ghairmiúil a léirítear anseo.

Léirítear leis na machnaimh agus na hacmhainní atá comhroinnte sna leathanaigh seo an tionchar fairsing atá bainte amach i dtréimhse chomh gearr sin, agus cuirtear bunús luachmhar ar fáil leo do scoileanna ar mian leo dul i mbun tionscadail chomhchosúla.

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, molaimid gach duine a bhí páirteach as a gcuid cabhrach den scoth. Leis na tionscadail seo, leagtar béim ar an obair iontach atá ar siúl i scoileanna gach lá, agus ar ghairmiúlacht ár múinteoirí. Táimid ag tnúth le feiceáil conas a leanfaidh na tionscadail seo d'aistear gairmiúil múinteoirí a spreagadh, a shaibhriú agus bonn eolais a chur fúthu.



**Eamon Dennehy**  
Cathaoirleach



**Phil Fox**  
Stiúrthóir Gníomhach

## Forbhreathnú ar Scéim Sparánachtaí Féilte 2024

**Tá Scéim Sparánachtaí Féilte deartha ag an gComhairle Múinteoireachta chun tacú le cultúr de chomhoibriú gairmiúil aguscomhroinnt eolais i measc múinteoirí agus scoileanna. Tá an scéim sparánachtaí deartha freisin chun ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn.**

Bhí scoileanna in ann iarratas a dhéanamh ar sparánachtaí de **€2,000**, **€3,000**, agus **€5,000** chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla comhoibríocha ina bpobail scoile.

Íocadh sparánachtaí ar fiú €100,000 iad san iomlán le scoileanna rathúla i mí Feabhra 2025.

Tugann an tuarascáil seo forbhreathnú ar na tionscadail rathúla, machnaimh ó na scoileanna a bhí páirteach chomh maith le roinnt acmhainní a d'fhéadfadh tacú le scoileanna eile páirt a ghlacadh i bhfoghlaim chomhchosúil.

# Tionscadal maoinithe

Iarradh ar scoileanna tuairisc a thabhairt ar a dtionscadal agus aiseolas a thabhairt ar thionchar na scéime sparánachta. Iarradh ar scoileanna sócmhainn dhigiteach a chruthú freisin chun croílár a bhfoghlaím a ghabháil chun tacú le scoileanna eile ar mian leo páirt a ghlacadh i dtionscadal comhchosúil.

Seo thíos achoimre ar na 27 scoil rathúla, machnaimh ó na múinteoirí a bhí páirteach, agus raon sócmhainní digiteacha chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar an tionscadal agus ar an bhfoghlaím ghairmiúil.

Téama	Scoil	Méid an mhaoinithe
<b>Gaeilge</b>		
Scríbhneoireacht chruthaitheach sa Mhatamaitic trí mheán na Gaeilge	Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe	€5,000
Matamaitic a mhúineadh trí Ghaeilge	Scoil Náisiúnta Dhroim Lias, Co. Liatroma	€5,000
Ceol a theagasc trí Ghaeilge (CLIL)	SN Mheasctha Bhaile na Coille, Co. Laoise	€2,000
Pobal cleachtais a chruthú do mhúineadh an cheoil i scoileanna lán-Ghaeilge	Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Ráth Fearnáin	€3,000
<b>Cuimsiú</b>		
Comhrá agus Caifé	Pobalscoil Speisialta Oirthear Chorcaí, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí	€2,000
Teagasc san ospidéal	Scoil Ospidéal Náisiúnta Solas, Cromghlinn, Co. Bhaile Átha Cliath	€5,000
“Ár Scoil, Ár bPobal” - ag ceiliúradh éagsúlachta teanga agus chultúrtha	Scoil Náisiúnta Naomh Colmáin, An Sráidbhaile, Co. Laoise	€5,000
Comhphobal Cleachtais Trasearnála i Oirdheisceart na hÉireann	Scoil Náisiúnta Phort Láich, Co. Phort Láirge	€5,000
Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim	Scoil Mhuire Naofa, Co. Liatroma	€2,000
<b>Ceannaireacht</b>		
Cumas ceannaireachta a thógáil le béim ar an gCuraclam Matamaitice nua	SN San Attracta, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin	€2,000
<b>Foghlaim allamuigh</b>		
Foghlaim Dhúlra-bhunaithe	Tionscadal Scoile Dheilginse, Baile Átha Cliath	€5,000
Foghlaim allamuigh	Scoil Buachaillí Naomh Muire, Baile Mhuineacháin	€5,000

## Cleachtas athchóiritheach

Athbhreithniú ar bheartas frithbhulaíochta	Scoil na Crannóige Nua, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath	€2,000
Pobal cleachtais ag díriú ar athbhreithniú ar bheartas frithbhulaíochta	Scoil Náisiúnta Dhroichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman	€2,000
Lámha Cúnta	Coláiste Beaufort, An Uaimh, Co. na Mí	€5,000
Cleachtas athchóiritheach	Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Mhoinigh, Co. Chorcaí	€2,000
Cleachtas athchóiritheach	Scoil Náisiúnta an Phairtín, Co. an Chláir	€2,000

## Teagasc agus foghlaim

Comhoibriú agus foghlaim a chur chun cinn i suíomhanna DEIS	Scoil Náisiúnta Le Chéile, Bóthar Bhaile an Róistigh, Cathair Luimnigh	€5,000
Pobal Cleachtais chun tacú le múineadh agus foghlaim sa Bhéarla	Coláiste an Phoirt Nua, Co. Thiobraid Árann	€5,000
Feabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora faoi oiliúint	Coláiste Mhuire na Trócaire, Beaumont	€5,000
Pobal Foghlama Gairmiúil ag díriú ar an gcuraclam nua Matamaitice	Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, Dún Dealgan, Co. Lú	€2,000

## Teicneolaíocht

Oideolaíocht chuimsitheach, litearthacht dhigiteach agus folláine na ndaltaí	Scoil Aireagail, Bhaile Héil, Co. Chill Chainnigh	€5,000
Comhtháthú na hintleachta saorga san oideachas	Coláiste Easpag McEgan, Maigh Chrom tha, Co. Chorcaí	€5,000

## Folláine


Comhráite a bhfuil Tábhacht leo: Comhpháirtíocht Foghlama Gairmiúla	Coláiste Chaladh an Treoigh, Co. Luimnigh	€5,000
Tuiscint a fháil ar thráma agus ar fholláine trí Chothú	Scoil Náisiúnta Naomh Finnin, Baile Átha Cliath	€2,000
Cur chuige uile-scoile i leith OSPS trí idirghabhálacha cruthaitheacha agus ealaíon-bhunaithe	Foghlaim Le Chéile Chorcaí, Bóthar Wellington, Cathair Chorcaí	€5,000
Criosanna rialála	Scoil Náisiúnta Ghleann an Smóil, Bóthar na Bruíne, Co. Bhaile Átha Cliath	€2,000

# Gaeilge

## Scríbhneoireacht chruthaitheach sa Mhatamaitic trí mheán na Gaeilge

### Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe

Bronnadh €5,000 ar Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe, mar chuid de Scéim Sparánachtaí Fhéilte chun comhoibriú le Gaelscoil Bharra, Baile Átha Cliath, Scoil Bhreandáin, Co. Mhaigh Eo, agus DCU, chun scríbhneoireacht chruthaitheach sa Mhatamaitic trí Ghaeilge a chuir chun cinn. Is aidhm leis an tionscadal seo ná Pobal Foghlama Gairmiúla a chruthú chun teagasc na Gaeilge a fhiosrú i gcomhar leis an gCuraclam Matamaitice nua ar bhealach cruthaitheach, comhtháite agus cuimsitheach.



[Nasc don físeán](#)

## Ceol a theagasc trí Ghaeilge

### Scoil Náisiúnta Bhaile na Cille, Co. Laoise

Bronnadh €2,000 ar Scoil Náisiúnta Bhaile na Cille, Co. Laoise mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Scoil Náisiúnta Mainistir Laoise Theas, Co. Laoise chun pobal gairmiúil foghlama a chruthú chun tacú le múineadh an cheoil i nGaeilge. Is aidhm leis an tionscadal seo teagmháil foghlaimeoirí leis an nGaeilge a mhéadú trí úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide agus teagasc a leathnú i bhfíor-chomhthéacsanna seachas ceachtanna scoite Gaeilge.

## Machnamh na scoile


Bhí rannpháirtíocht i Scéim Sparánachta Féilte ina taithí an-fhiúntach do bhaill foirne agus do dhaltai araon inár scoil, Scoil Náisiúnta Mheasctha Bhaile na Coille. Tá an deis againn páirt a ghlacadh i dtionscadal CLIL comhoibríoch, tras-scoile, ina bhfuil Gaeilge agus ceol á gcomhtháthú, tar éis ár gcleachtais teagasc agus foghlama a shuibhriú. Tá scileanna oideolaíochta nua forbartha ag múinteoirí, tá muinín méadaithe acu maidir le húsáid na Gaeilge, agus tá siad páirteach i gcomhphlé gairmiúil bríoch trí cheardlanna comhpháirteacha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a tionóladh i gcomhar le Scoil Náisiúnta Mainistir Laoise Theas. Trí bhreathnú ar phiaraí agus trí na dea-chleachtais a roinnt, neartaíodh an bhraistint phobail ghairmiúil, agus ag an am céanna fuarthas tuiscint níos doimhne ar theagasc dátheangach éifeachtach.

D'fhreagair na daltaí go díograiseach d'úsáid an cheoil mar bhealach chun teanga a fhoghlaim, rud a d'fhág go raibh méadú tagtha ar an spreagadh, ar an gcruthaitheacht agus ar an muinín a bhí acu maidir leis an nGaeilge a úsáid. Chothaigh an tionscadal mothú féiniúlachta agus bróid chultúrtha níos fearr freisin.

Dúshlán amháin ab ea castacht lóistíochta ionadaíocht a eagrú agus cuairteanna a chomhordú idir scoileanna, rud a d'éiligh pleanáil chúramach. Chuir srianta ama brú ar ualaí oibre reatha múinteoirí freisin. Mar sin féin, mhothaíomar gur chuir na buntáistí gairmiúla agus oideachais na deacrachtaí seo ar ceal.

Tríd is tríd, chuir an sparánacht ar ár gcumas páirt a ghlacadh i gcur chuige nuálach agus comhoibríoch i leith foghlama gairmiúla agus forbairt curaclaim. Chuir sé cumhacht ar fáil dár bhfoireann agus shuibhriug sé taithí na ndaltaí, rud a d'fhág tionchar buan ar ár bpobal scoile.

## Acmhainn



[Nasc don físeán \(Béarla\)](#)



# Cuimsiú

## Comhrá agus Caife Pobalscoil Speisialta Oirthear Chorcaí, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí

Bronnadh €2,000 ar Phobalscoil Oirthear Chorcaí, Carraig Thuathail i gCorcaigh mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Pobalscoil Speisialta Bhaile an Róistigh, Corcaigh, chun pobal foghlama gairmiúil a bhunú. Is aidhm leis an tionscadal seo cultúr a mbeadh comhráite agus comhoibriú a bhunú idir na scoileanna, foghlaim ghairmiúil agus piarthacaíocht á gcothú i measc mhúinteoirí agus comhchleachtas idir lámha acu, cuir chuige a mbaineann deachleachtas leo á sainaitheint sa réimse oideachas speisialta.

## Machnamh na scoile

Ba eispéireas foghlama gairmiúil dearfach agus fuinniúil é páirt a ghlacadh i Comhrá agus Caife. Tacaíodh leis an bPobal Cleachtais seo le cur chuige solúbtha, cóitseála grúpa. Chuir sé ochtar múinteoirí ó dhá scoil speisialta atá i mbéal forbartha, Scoil Speisialta Pobail Oirthear Chorcaí agus Pobalscoil Bhaile an Róistigh, i dteagmháil le chéile chun fadhbanna a réiteach le chéile, smaointe praiticiúla a roinnt, agus machnamh a dhéanamh ar chleachtas seomra ranga. Chabhraigh an t-atmaisféar neamhfhoirmiúil, in éineacht le caife agus bia, le spás fáilteach agus muíneach a chruthú thar thrí sheisiún ar líne agus cruinniú amháin duine le duine.

Tá go leor scríofa faoin gcaoi ar féidir leis an teagasc a bheith aonraithe uaireanta. Thairg an tionscnamh nasc, athdhearbhú agus braistint pobail (Moynihan agus O' Donovan, 2022). Tháinig braistint láidir taithí chomhroinnte agus ailníú gairmiúil chun cinn. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, “Chuir sé iontas orm cé chomh cosúil agus a bhí ár ranganna ó thaobh struchtúir agus cur chuige de”. Chruthaigh na seisiúin spás le haghaidh plé macánta, tacúil, agus rinne múinteoirí machnamh ar a gcleachtas féin agus fuair siad inspioráid óna chéile. Leag múinteoir amháin béim ar luach “athruithe beaga, machnamhacha ... a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar fhás gairmiúil agus ar chleachtas ranga”.

Shín tionchar na meantóireachta níos faide ná na seisiúin féin. Dúirt múinteoir amháin gur thosaigh siad ag “cur ceisteanna níos díri agus níos machnamhaí” agus iad ag treorú cúntóirí riachtanais speisialta, lena spreagtar neamhspleáchas agus smaointeoireacht dírithe ar réitigh. Tríd is tríd, neartaigh an taithí cumhacht na comhoibrithe agus na cóitseála chun tacú le fás i gcomhthéacs an oideachais speisialta.

[Nasc don físeán \(Béarla\)](#)



“

*Is éard a bhí i gceist leis ach múinteoirí a chur ag obair le chéile, chun smaoinemh an chomhoibrithe a bhrú.*

”

## Múinteoireacht Ospidéal

### Scoil Ospidéal Solas, Cromghlinn, Co. Bhaile Átha Cliath

Bronnadh €5,000 ar Scoil Ospidéal Solas, Cromghlinn CHI, mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le seacht scoil\* chun tacú le Comhdháil HOPE 2025, comhdháil idirnáisiúnta de mhúinteoirí atá ag feidhmiú i scoileanna ospidéal. Is aidhm leis an tionscadal seo oideoirí ospidéal ó Éirinn agus ar fud an domhain a aontú chun eolas, cleachtais agus léargais a roinnt atá curtha in oiriúint do na dúshláin uathúla a bhaineann le leanaí a bhfuil riachtanais leighis agus mheabhairshláinte acu a theagasc.

\*Liosta de na scoileanna atá ag tabhairt faoi chomhoibriú:

- Scoil Ospidéal Shráid an Teampaill
- Scoileanna Linn Dara
- Scoil Áirce na bPáistí
- Scoil Ospidéal Beaumont
- Pobalscoil Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin
- Scoil Ospidéal Ollscoil Chorcaí
- Scoil Speisialta Ospidéal Náisiúnta na Leanáí, Tamhlacht

## Machnamh na scoile

Táimid thar a bheith buíoch don Chomhairle Mhúinteoireachta as sparánacht Féilte €5,000 a bhronnadh ar Chomhdháil HOPE 2025, a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2025. Tugadh 294 múinteoir agus gairmí oideachais ospidéal le chéile mar chuid den chomhdháil ó gach cearn den Eoraip agus níos faide i gcéin, aontaithe faoin téama Le Chéile: Comhroinnt Faisnéise, Comhroinnt Eolais, Comhroinnt Cleachtais.

Ba rannchuidiú tábhachtach í an sparánacht a chuidigh linn clár saibhir a sholáthar lenar aimsíodh cothromaíocht idir taighde, beartas, agus straitéisí praiticiúla trí eochairléachtaí, cuir i láthair ó bhéal, agus ceardlanna praiticiúla. Bhí tionchar ar leith ag na seisiúin lenar soiléiríodh guthanna daltaí a bhfuil riachtanais leighis nó meabhairshláinte acu, rud a chuir i gcuimhne go láidir do na rannpháirtithe tábhacht na gcleachtais ionchuimsitheach freagrúil oideachais.

Éascaíodh foghlaim ghairmiúil fhóna a bhuí don chomhdháil trí spásanna a chruthú do mhúinteoirí ospidéal chun smaointe a mhalartú, machnamh a dhéanamh ar dhúshláin chomhroinnte, agus oibriú i gcomhar maidir le réitigh a rachaidh chun tairbhe daltaí sa bhaile agus thar lear. Cuireadh i dtábhacht leis an aiseolas dearfach ón lucht freastail luach an imeachta maidir le cuir chuige nua a spreagadh, líonraí a neartú, agus tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na ndaoine sin a oibríonn sa réimse fíorspeisialaithe seo.

Táimid an-bhuíoch don Chomhairle Mhúinteoireachta as a tacaíocht fhlaithiúil chun an t-eispéireas tábhachtach foghlama seo a chur i gcrích.

## Acmhainn



[Nasc don físeán \(Béarla\)](#)

## Pobal Cleachtais Tras-earnála in Oirdheisceart Éireann Scoil Náisiúnta Phort Láich, Co. Phort Láirge

Bronnadh €5,000 ar Scoil Náisiúnta Phort Láich, i gCo. Phort Láirge mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Naomh Stiofán De La Salle, Port Láirge, Bunscóil San Ursula, Port Láirge agus SETU Phort Láirge chun Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) a leabú sa chleachtas. Is aidhm leis an tionscadal seo Pobal Cleachtais tras-earnála a bhunú in Oirdheisceart na hÉireann, rud a chuirfidh ar chumas múinteoirí iad féin a uas-sciliú agus cuir chuige DUF a leabú chun saibhriú a dhéanamh ar a gcur chuige i leith an chuimsithe ina gcuid scoileanna.

### Machnamh na scoile


Tháinig na príomhoidí le chéile den chéad uair i gcruinniú arna óstáil ag SETU agus phléamar cad ab fhéidir a dhéanamh le hacmhainní teoranta agus na srianta ama a d'fhéadfadh a bheith ag baint le scoileanna DEIS ach go háirithe. Gheall an triúr príomhoidí triúr nó ceathrar múinteoirí an duine a scaoileadh le haghaidh lá foghlama gairmiúla DUF agus Pobal Cleachtais (CoP) a fhorbairt as sin.

Rinne Bláthnaid Breslin ó Ollscoil Luimnigh éascaíocht ar an gcéad leath den lá foghlama gairmiúla. Rinne Brian Barron (Scoil Náisiúnta Phort Láich) agus Caroline McGarry (SETU) seisiún an tráthnóna a éascú, áit ar phléigh na múinteoirí smaointe agus ar cheap siad plan don CoP bunaithe ar na smaointe maidir le staidéar ceachtanna.

Cruthaíodh trí ghrúpa, ina raibh múinteoirí ó gach ceann de na trí scoil. Phleanáil gach grúpa ceacht a raibh DUF mar chomhpháirt lárnach nó meon fealsúnach mar chuid den ullmhúchán. Ansin, chomhaontaigh gach grúpa cé a mhúineadh an ceacht ina seomra ranga féin. Tharla an staidéar ceachtanna sna scoileanna agus a gcuid riachtanas comhthéacs-shonracha go léir acu. Tar éis aiseolas a fháil ar an gceacht, thairg an dara múinteoir an chéad ceacht eile a mhúineadh agus rinneadh an t-ullmhúchán don fhoghlaim i gcomhar le chéile arís.

Ón 19 Bealtaine, tá dhá staidéar ceachta críochnaithe ag gach grúpa agus tá súil acu go dtarlóidh an triúr ceann san Fhómhar. Is cosúil go bhfuil an fhoghlaim do na múinteoirí agus do na daltaí domhain. Is breá leis na múinteoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna a chéile agus tá fíor-ionadh orthu faoin tionchar atá ag DUF ar fhoghlaim a ndaltaí, agus an taitneamh a bhaineann siad as a gcuid foghlama.

Tá pleananna againn leanúint leis an CoP an bhliain seo chugainn agus an 5 Meitheamh, thugamar na naoi rang ó na trí scoil le chéile in SETU le haghaidh ceolchoirme bunaithe ar Charnabhal na nAinmhithe, ceann de na grúpaí a raibh béim orthu ina staidéar ceachta.



“

*Is breá leis na múinteoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna a chéile.*

”



## Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim Scoil Mhuire Naofa, Carraig Álainn, Co. Liatroma


Bronnadh €2,000 ar Scoil Mhuire Naofa, Carraig Álainn, Co. Liatroma, mar chuid de Scéim Sparánachta Féilte chun comhoibriú le Scoil Náisiúnta Ard Caorthainn, chun comhtháthú agus cuimsiú bríoch daltaí uathacha i ranganna príomhshrutha Matamaitice a chur chun cinn. Is aidhm leis an tionscadal seo acmhainn foirne a fhorbairt chun prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) a chur i bhfeidhm chun freastal ar gach foghlaimoir agus bacainní sa phróiseas foghlama a bhaint, lena n-áirítear cláir teagaisc stáisiúin 6 seachtaine struchtúrtha agus inmhacasamhlaithe a chruthú do gach leibhéal ranga faoi 2026 i gcomhréir le Curaclam Matamaitice nua na Bunscoile.

### Machnamh na scoile

“Is smaoineamh den scoth é an scéim sparánachta – tugann sé deis do mhúinteoirí spreagtha triail a bhaint as teagasc, foghlaim agus cuimsiú agus iad a fheabhsú laistigh dár suíomhanna agus roinnt caiteachais á chur ar fáil chun tacú leis. Chuir sé go mór le comhoibriú agus spreagadh idir ár dhá scoil.”

### Acmhainn

Cruthaíodh Padlet ina bhfuil Treoirínite agus Tacar Uirlisí nua Churaclam Matamaitice na Bunscoile, treoirínite ón NCSE, agus doiciméid tacaíochta maidir le pleananna ceachta, uirlisí agus pacáistí measúnaithe, agus acmhainní eile a d’fhéadfaí a ionchorprú sa seomra ranga.



# Ceannaireacht

## Cumas ceannaireachta a thógáil le béim ar an gCuraclam Matamaitice nua

### Scoil Náisiúnta Naomh Attracta, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin

Bronnadh €2,000 ar Scoil Náisiúnta Naomh Attracta as Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin mar chuid de Scém Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Scoil Phádraig, Cathair na Mart, Ionad Oideachais Mhaigh Eo, Maigh Eo, agus Ollscoil Mhá Nuad, Cill Dara chun díriú ar an gCuraclam Matamaitice nua. Is aidhm leis an tionscadal seo cumas ceannaireachta a fhorbairt, comhoibriú a chothú, agus foghlaim ghairmiúil a chur chun cinn tríd an gCreat Curaclaim Bunscoile nua a chur i bhfeidhm le béim ar an gCuraclam Matamaitice nua.

## Machnamh na scoile

### Cúlra

Mar chuid dár dtionscadal Sparánachta Féilte de chuid na Comhairle Múinteoireachta, bhunaigh Scoil Náisiúnta Naomh Attracta, Bealach an Doirín, agus Scoil Phádraig, Cathair na Mart, Pobal Foghlama Gairmiúil (PLC) i gcomhar le chéile chun téamaí ceannaireachta múinteoirí agus ceannaireachta curaclaim a iniúchadh, le fócas ar leith ar chur i bhfeidhm an Churaclaim Matamaitice Bunscoile nua.


### An tionchar ar na Daltaí

Tháinig feabhas suntasach ar rannpháirtíocht agus ar dhearcaí na ndaltaí sa mhatamaitic mar gheall ar thionscadal sparánachta Féilte. Léiríonn suirbhéanna iar-thionscnaimh díograis níos airde don mhatamaitic agus toilteanas níos mó a bheith rannpháirteach sa rang, a léirítear i mbreathnuithe múinteoirí ar dhaltaí a bheith níos rannpháirtí agus níos díograisí le linn ceachtanna matamaitice. Léirigh na daltaí muinín mhéadaithe ina gcumas freisin – tá go leor acu níos toilteanaí anois dul i ngleic le fadhbanna agus tá straitéisí acu fiú chun deacrachtaí a shárú. Tugann aiseolas cáilíochtúil le fios go bhfuil meas níos doimhne acu ar fhoghlaim sa mhatamaitic, agus go n-aithníonn leanaí luach na gcur chuige iolracha agus go bhfoghlaimíonn siad ó bhotúin, rud a chuireann le dearcadh níos dearfaí i gcoitinne.

### Tionchar ar Mhúinteoirí

D'fhorbair múinteoirí mar cheannairí curaclaim tríd an tionscadal seo, ag gnóthú scileanna oideolaíochta nua agus braistint neamhspleáchais níos láidre araon. Ar bhonn praiticiúil, thug siad isteach foghlaim ghníomhach, phraiticiúil, comhrá matamaiticiúil, agus gníomhaíochtaí spráúla réitigh fadhbanna chun matamaitic a dhéanamh níos tarraingtí (mar a tuairiscíodh i suirbhéanna múinteoirí). Bhí an comhoibriú idir scoileanna sa Phobal Foghlama Gairmiúil (PLC) thar a bheith luachmhar – rinne múinteoirí straitéisí a mhalartú agus plé a threorú, a chuir borradh faoina muinín chun an Curaclam Matamaitice Bunscoile nua a chur i bhfeidhm agus chun meantóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaithe. Ar feadh an tionscadail, leag múinteoirí béim ar an tábhacht a bhain le ham agus neamhspleáchas a chur ar fáil le haghaidh idirphlé gairmiúil (neamhspleáchas múinteoirí) chun iad a chumhachtú mar cheannairí. Mar thoradh air sin, tuairiscíonn múinteoirí go mbraitheann siad níos muiníní as athruithe curaclaim a spreagadh agus go bhfuil siad níos ullmhaithe chun teagasc matamaitice ardchaighdeán, comhsheasmhach a chothú ar fud na scoile.

## Acmhainn



The poster features a yellow background with a decorative graphic of four curved, parallel lines in teal, orange, and yellow on the left side. At the top right, the text 'Teaching Council Féilte Bursary 2025' is written in a bold, dark red font. Below this, two school crests are displayed: the crest of St. Attracta's NS Ballaghaderreen on the left and the crest of Scoil Phádraig Westport on the right. Underneath the crests, the names of the schools are written in black text. At the bottom right, the text 'Focus on Teacher Leadership within the New Primary Maths Curriculum' is written in a black serif font. At the bottom left, there is a blue link: 'Nasc don físeán (Béarla)'.

# Foghlaim allamuigh

## Foghlaim Dhúlra-bhunaithe

### Tionscadal Scoile Dheilginse, Baile Átha Cliath

Bronnadh €5,000 ar Thionscadal Scoile Dheilginse, Baile Átha Cliath mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le hIonad Oideachais na Carraige Duibhe, Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile na Manach, Ag Foghlaim Le Chéile Dhún Laoghaire agus Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile An Naigín Chill Iníon Léinín, chun clár foghlama gairmiúil do mhúinteoirí sa réimse dúlra-bhunaithe (NBL) a chruthú. Is aidhm leis an tionscadal seo tacú le múinteoirí chun NBL a sholáthar do leanaí i suíomhanna bunscoile éagsúla, ag cur ar chumas leanaí a gcuid súgartha agus foghlama sa nádúr a threorú mar chuid lárnach dá n-oideachas agus dá bhforbairt shláintiúil.

## Machnamh na scoile

Mar fhreagra ar spéis mhéadaitheach ár scoileanna san fhoghlaim allamuigh, agus a dtaithí éagsúil ar Foghlaim Dhúlra-bhunaithe, chruthaíomar cúrsa seachtaine. Chruthaigh cúigear déag oideachasóir ó aon scoil déag pobal foghlama bríomhar, agus thug gach rannpháirtí tuairisc ar an taithí mar thaithí chlaochlaitheach, ag tagairt do chumhacht na foghlama ó phiaráí agus le piaráí araon.

Ba é an aidhm a bhí againn ná tacú le múinteoirí chun Foghlaim Dhúlra-bhunaithe (FDN) a sholáthar do leanaí i suíomhanna bunscoile éagsúla, rud a chuirfeadh ar chumas leanaí a gcuid súgartha agus foghlama sa nádúr a threorú mar chuid lárnach dá n-oideachas agus dá bhforbairt shláintiúil. Ón aiseolas a fuaireamar ó mhúinteoirí ar an gcúrsa, táimid muiníneach gur bhaineamar ár gcuspóirí amach maidir le pobail foghlama a chruthú, caidrimh ghairmiúla a fhorbairt chun tacú le NBL inár scoileanna, muinín agus inniúlacht a fhorbairt i measc múinteoirí maidir le NBL a sheachadadh agus folláine na múinteoirí agus a gcuid daltaí amach anseo a chothú.

Thairg an clár tumoideachas san oideolaíocht atá bunaithe ar an dúlra, a chuir teoiric agus cleachtas le chéile. Trí eispéiris lasmuigh a nascadh trí mhatamaitic, na healaíona, Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OIF), teanga, OSIE, OSPS, agus Corpoideachas, fuair múinteoirí amach gur féidir le foghlaim allamuigh spriocanna curaclaim a bhaint amach seachas cur lena n-ualach oibre. Faoi dheireadh an chúrsa, thuairiscigh na rannpháirtithe muinín úr maidir le ceachtanna a thabhairt lasmuigh.

Chothaigh an cúrsa múinteoirí ar bhonn gairmiúil, mothúcháin agus fisiciúil. Dúirt go leor gurbh í seo an Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ba mhó tionchar ina ngairmeacha beatha, ag tabhairt faoi deara folláine fheabhsaithe, inspioráid athnuaithe, agus sraith straitéisí a bhí réidh le húsáid láithreach. B'fhéidir gurbh é an rud ba shuntasáí ná an nasc níos doimhne leis an dúlra. Nuair a d'fhág na rannpháirtithe, bhí siad spreagtha chun a gcuid teagaisc a athdhearadh i dtaca le foghlaim allamuigh agus inbhuanaitheacht, le grá athnuaithe don domhan nádúrtha.

D'iarr múinteoirí pobal cleachtais a chothú i rith na bliana, agus éascóidh Ionad Oideachais na Carraige Duibhe é sin. Tá cúigear rannpháirtithe ag pleanáil oiliúint iomlán Scoile Foraoise a dhéanamh cheana féin. Chun ár raon feidhme a leathnú, ba bhreá linn samhail “cuir oiliúint ar an oiliúinóir” a fhorbairt don chúrsa seo ionas gur féidir le hIonad Oideachais ar fud na tíre é a thairiscint, a chinnteoidh go mbainfidh níos mó múinteoirí, agus dá bhrí sin níos mó leanaí leas as Foghlaim tumtha Dhúlra-bhunaithe. Chomh maith leis seo, táimid ag dearadh Teastas Leibhéal 6 san Foghlaim Dhúlra-bhunaithe atá creidiúnaithe ag an QQI, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn. Ag cur leis an gcúrsa, cuirfidh sé saeolas séasúrach ar fáil d'oideachasóirí chun beocht a chur san Fhorbairt Oideachais Inbhuanaithe (EOSD) agus don Chreatlach Churaclaim Bunscoile nua.

[Nasc don físeán \(Béarla\)](#)



“

*Chothaigh an cúrsa múinteoirí ar bhonn gairmiúil, mothúcháin agus fisiciúil.*

”



# Cleachtas athchóiritheach agus frithbhulaíocht

## Athbhreithniú ar bheartas frithbhulaíochta Scoil na Crannóige Nua, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath

Bronnadh €2,000 ar Scoil na Crannóige Nua i bPort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte ar chun comhoibriú le Scoil Speisialta Bhaile Uí Dhúda chun pobal cleachtas a bhunú d'athbhreithniú beartais frithbhulaíochta i gcomhréir le nósanna imeachta Bí Cineálta. Is aidhm leis an tionscadal seo comhfhoghlaim a chothú, comhsheasmhacht a chur chun cinn, agus cur i bhfeidhm straitéisí éifeachtacha frithbhulaíochta a fheabhsú ina scoileanna faoi seach.

## Machnamh na scoile

Le déanaí, ghlac ár scoileanna páirt i dtionscnamh comhoibríoch luachmhar chun Pobal Cleachtas (CoP) a bhunú idir na scoileanna, a dhírigh ar chur i bhfeidhm threoirilínte nua *Bí Cineálta* chun iompraíochtaí bulaíochta a chosc agus a chomhrac. Thug an comhiarracht seo deis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbeartais frithbhulaíochta reatha trí lionsa comhroinnte, a thugann le chéile dearcthaí agus saineolas an dá scoil.

Chruthaigh an CoP spás struchtúrtha le haghaidh idirphlé oscailte, machnamh criticiúil agus foghlaim ghairmiúil. Trí chruinnithe sceidealaithe agus doiciméadacht chomhroinnte, bhíomar in ann cur chuige a chur i gcomparáid le chéile, láidreachtaí a aithint, agus dúshláin i gcur i bhfeidhm beartais a phlé. Bhí sé soiléir, cé go bhfuil gach comhthéacs scoile uathúil, go bhfuil tábhacht uilíoch ag baint le prionsabail an choisc, na comhbhá agus na comhsheasmhachta.

Ceann de na buntáistí ba shuntasá a bhain leis an tionscnamh seo ná an anailís chomhroinnte ar chásanna fíorshaoil agus cur i bhfeidhm praiticiúil an chreata *Bí Cineálta*. Spreag nádúr comhoibríoch an CoP muinín agus foghlaim fhrithpháirteach, rud a thug deis don dá scoil cleachtas atá ann cheana a cheistiú agus straitéisí nua a thriail le muinín. Mar thoradh air sin, tháinig feabhsuithe ar an gcaoi a bhfreagraimid d'eachtraí agus a dtacaímid le daltaí ar bhealach athchóiritheach agus measúil cheana féin.

Ag dul ar aghaidh, leanfaidh an CoP de bheith ina fhóram tábhachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus comhsheasmhacht a chur chun cinn sa teanga agus sna gníomhartha a úsáidimid chun dul i ngleic leis an mbulaíocht. Tá súil againn go ndéanfar an tsamhail



## Pobal cleachtais ag díriú ar athbhreithniú ar bheartas frithbhulaíochta

### Scoil Náisiúnta Dhroichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman

Bronnadh €2,000 ar Scoil Náisiúnta Dhroichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman mar chuid de Scém Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Scoil Náisiúnta an Churraigh chun pobal cleachtais a bhunú d'athbhreithniú beartais frithbhulaíochta. Is aidhm leis an tionscadal seo tuiscint a fhorbairt do phobail scoile uile ar chur chuige oideachais iomláin (Fóram Frithbhulaíochta Domhanda EOECA 2021) maidir le bulaíocht a chosc i suíomh scoile na hÉireann.


### Machnamh na scoile

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach chun timpeallacht scoile shábháilte agus chuimsitheach a chothú, bhí bród ar Scoil Náisiúnta Dhroichead an Chaisleáin comhoibriú le Scoil Náisiúnta Churrach Cló ar thionscnamh comhpháirteach chun teachtaireacht frithbhulaíochta Bí Cineálta a chur chun cinn. Thug an tionscadal comhoibríoch seo ár scoileanna le chéile chun ár straitéisí oideachais agus coisctheacha maidir le bulaíocht a neartú. D'oibrigh baill foirne ón dá scoil go dlúth le chéile, ag roinnt dea-chleachtais agus acmhainní chun feabhas a chur ar ár gcur chuige comhchoiteann maidir le tacú le daltaí agus cineáltas agus meas a chur chun cinn.

Gné lárnach den tionscadal ab ea sonraí a bhailiú ó phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne. Chuidigh an cur chuige seo, atá bunaithe ar fhianaise, lenár bhfócas a mhúnlú agus léirigh sé gur ábhar imní ar leith i measc tuismitheoirí agus baill foirne sa dá phobal scoile an chibearbhulaíocht. Mar fhreagra air sin, d'fhostaíomar Zeeko, eagraíocht shaineolach san fholláine dhigiteach, chun cainteanna cibearshábháilteachta a thabhairt atá saincheaptha do dhaltaí agus do thuismitheoirí sa dá scoil. Cuireadh fáilte mhór roimh na seisiúin seo agus thug siad treoir phraiticiúil maidir le nascleanúint a dhéanamh ar an domhan ar líne go sábháilte agus go measúil.

Neartaigh an tionscadal seo na naisc idir ár scoileanna, chuir sé feabhas ar ár n-eolas comhroinnte, agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le seasamh aontaithe, réamhghníomhach i gcoinne na bulaíochta. Táimid tiomanta fós don obair ríthábhachtach seo a leanúint agus a chinntiú go mbraitheann ár ndaltaí uile sábháilte, go bhfuil tacaíocht acu agus go gcumasáítear iad chun a bheith cineálta.

Míle buíochas leis an gComhairle Mhúinteoireachta as a dtacaíocht leis seo, táimid an-bhuíoch.




## Lámha Cúnta

### Coláiste Beaufort, An Uaimh, Co na Mí

Bronnadh €5,000 ar Choláiste Beaufort, An Uaimh, Co. na Mí, mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le trí scoil\* chun Pobal Foghlama Gairmiúil a bhunú ar mhaithe le folláine agus frithbhulaíocht. Is aidhm leis an tionscadal seo comhoibriú agus nuálaíocht a chothú i measc múinteoirí chun aghaidh a thabhairt ar fholláine, agus ar bhulaíocht fholaithe, cuimsiú a chur chun cinn, agus sábháilteacht shíceolaíoch i scoileanna a fheabhsú.

\*Liosta de na scoileanna atá ag tabhairt faoi chomhoibriú:

- Meánscoil na Toirbhearta, Co. Chiarraí
- Meánscoil Eureka, Co. na Mí
- Scoil Naomh Eoin, Co. na Mí



The graphic shows a 'Training' menu with five items, each with an icon and a description:

- Full staff training (Icon: person with speech bubble)
- Tutor Training (Icon: book)
- Sociometric Survey – Teams of 3 (Icon: group of people)
- Number of meetings throughout the year – support (Icon: calendar)
- Link Teacher supports Tutors in each year (Icon: stack of books)

[Nasc don físeán \(Béarla\)](#)

## Machnamh na scoile

Leis an gclár *Lámha Cúnta*, cuirtear ar chumas scoileanna, an bhulaíocht agus an t-eisiaimh a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu trí uirlisí bunaithe ar shonraí, lena bhfeabhsaítear cumas, comhar, agus cleachtas ionchuimsitheach múinteoirí laistigh de thimpeallachtaí sábháilte tacúla foghlama.

### Folláine agus Ionchuimsiú Daltaí

- Sainaithnítear dinimic shóisialta fholaithe, lena n-áirítear an bhulaíocht, an scoiteacht, agus an t-eisiaimh.
- Tacaítear le hidirghabhálacha luatha spriocdhírthe chun an t-ionchuimsiú a chur chun cinn.
- Feabhsaítear sábháilteacht shíceolaíoch, lena gcothaítear mothú muintearais do gach dalta.
- Cruthaítear foirne seomra ranga níos cothroime agus níos comhoibríche.

### Acmhainneacht agus Muinín Múinteoirí

- Forbraítear scileanna múinteoirí chun sonraí sochmhéadracha a léirmhíniú (e.g., teasléaráidí déine).
- Méadaítear muinín chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna casta sóisialta agus mothúchánacha.
- Cumasaítear freagairtí réamhghníomhacha do dhinimic seomra ranga, seachas freagairtí frithghníomhacha.
- Spreagtar cinnteoireacht mhachnamhach atá bunaithe ar shonraí.

### Comhar Gairmiúil

- Cuirtear comhar chun cinn trí Phobail Foghlama Gairmiúla (PFGanna).
- Éascaítear comhroinnt straitéisí agus idirghabhálacha ar fud na gcomhthéacsanna scoile.
- Tacaítear le forbairt chomhpháirteach straitéisí aistrithe do dhaltaí atá i mbaol.
- Neartaítear réiteach fadhbanna comhchoiteann agus idirphlé gairmiúil.

### Athrú Cultúrtha Inbhuanaithe

- Leabaítear cleachtais ionchuimsitheacha i saol laethúil na scoile.
- Ailínítear le Féinmheastóireachta Scoile (FMS) le haghaidh pleanáil fhadtéarmach.
- Spreagtar tiomantas uile-scoile don ionchuimsiú agus don fholláine.
- Soláthraítear eiseamláir inmhacasamhlaithe le haghaidh feabhsú leanúnach agus foghlaim ghairmiúil.

Bhí tionchar fóna ag an gclár Lámha Cúnta trí chumas múinteoirí a fheabhsú chun seomraí ranga ionchuimsitheacha tacúla a chruthú, rud a d'fhág folláine daltaí feabhsaithe, caidrimh níos láidre, agus timpeallacht scoile níos sábháilte. Feabhsaítear leis freisin an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim sa seomra ranga trí thimpeallacht dhearfach a chur chun cinn ina mbraitheann daltaí go bhfuil meas orthu, go bhfuil siad rannpháirteach agus go bhfuil cumhacht acu ionas go n-éireoidh leo go hacadúil agus go sóisialta.

## Cleachtas athchóiritheach

### Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Mhoinigh, Béal Átha Fhínín, Co. Chorcaí

Bronnadh €2,000 ar Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Mhoinigh, Béal Átha Fhínín, Co. Chorcaí, mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Scoil Náisiúnta Chill Gharbháin, chun cleachtas aisiríoch a thabhairt isteach sa dá scoil chomh maith le foghlaim ghairmiúil i réimse an teagaisc agus na foghlama do dhaltáí Uathacha. Is aidhm leis an tionscadal seo tuiscint mhúinteoirí ar uathachas a mhéadú, feabhas a chur ar chumas múinteoirí straitéisí teagaisc éifeachtacha a chur chun feidhme do dhaltáí a bhfuil uathachas orthu, agus ag an am céanna feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhoibriú idir múinteoirí, daltaí a bhfuil uathachas orthu, agus a dteaghlaigh.

## Machnamh na scoile

Ba dheis chlaochlaitheach don dá scoil bheaga seo é sparánacht €2,000 Féilte a fháil, lenar cuireadh ar ár gcumas dúinn topaicí comhlántacha a roghnú a bhí oiriúnach dár riachtanais shonracha féin. Mar scoileanna ina raibh múinteoir á chomhroinnt againn cheana féin, neartaíodh leis an tionscnamh seo an comhar eadrainn, rud a chothaigh muintearas níos doimhne i measc ár múinteoirí.

Ar na príomhghnéithe dár n-oiliúint bhí trí sheisiún cleachtais athchóirithe, a cuireadh i láthair go tuisceanach thar thréimhse trí mhí. Ós rud é gur tharla an oiliúint de réir a chéile, bhíomar in ann na cuir chuige nua a chomhtháthú de réir a chéile, lenar cinntíodh aistriú fóna inbhuanaithe inár gcleachtas. Bhí tionchar ar leith ag an oiliúint ar neamhord de chuid speictream an uathachais, toisc gur cuireadh in oiriúint í do chomhthéacs ár scoileanna. Trí chás-staidéir anaithnidithe dár ndaltaí a sholáthar, ligearmar don éascaitheoir, Claire O'Neill, comhairle phraiticiúil a raibh baint dhíreach aici a chuimsiú ina ceardlanna.

Mar aon leis na heispéiris foghlama luachmhara, éascaíodh leis an sparánacht freisin deiseanna líonraithe, lenar tugadh ár scoileanna níos gaire dá chéile. Ní hamháin gur thug sé deis dúinn uasoiliúint a dhéanamh, ach chothaíomar caidrimh agus mhalartaíomar smaointe leis freisin a rachaidh chun tairbhe na foirne agus ár ndaltaí amach anseo. Cumhachtaíodh muid leis an tionscnamh seo leis an eolas agus leis na straitéisí a mbeidh tionchair mharthanacha acu, rud a threisiónn tábhacht na foghlama agus an chomhair chomhroinnta i dtimpeallachtaí scoileanna beaga. Táimid buíoch as an deis shárluachmhar seo chun foghlaim le chéile.



## Cleachtas athchóiritheach

### Scoil Náisiúnta an Phairtín, Co. an Chláir

Bronnadh €2,000 ar Scoil Náisiúnta an Phairtín, Co. an Chláir mar chuid de Scéim Sparánachtaí Féilte chun comhoibriú le Scoil Seanáin Naofa, An Clár chun cleachtas aisiríoch a thabhairt isteach sa dá scoil. Is aidhm ag an tionscadal seo, cumas agus comhoibriú múinteoirí a fheabhsú trí scileanna gairmiúla i gcleachtais aisiríoch a fhorbairt i measc múinteoirí agus ceannairí i measc múinteoirí agus comhoibriú idir scoile a spreagadh ag an am céanna.


## Machnamh na scoile

D'fhág an tionscadal Cleachtais Athchóiritheach (CA) idir scoil an Phairtín agus Chluain Lára tionchar buan ar an dá phobal. Tá CA ag éirí ina chuid lárnach dár gcultúr scoile go tapa, ag múnla ár n-idirghníomhaíochtaí agus ár gcaidrimh ar bhealach dearfach. Cuimhne amháin a sheasann amach ná cur i bhfeidhm na gciorcail athchóirithe – deiseanna cumhachtacha inar tháinig leanaí agus múinteoirí le chéile, inar roinn siad mothúcháin go hoscailte, agus inar éist siad le comhbhá. Mhúin na ciorcail seo dúinn uile luach na cumarsáide measúla agus réiteach fadhbanna comhchoiteann.

Ar fud na seomraí ranga, tá na cleachtais seo leabaithe tuilleadh inár ngnáthaimh laethúla anois mar gheall ar seinnliostaí CA, sioráif CA, agus láinnéir CA. Tá RP fite fuaite i mbeartais cosúil le Bí Cineálta, rud a threisiónn cultúr cineáltais agus measa.

Buaicphointe den tionscadal ab ea an comhoibriú idir foireann an Phairtín agus Chluain Lára. Ón gcéad chruinniú comhpháirteach d'ionadaithe ar ár lá oiliúna iomlán go dtí na Coirceoga agus na Caiféanna comhroinnta (tar éis na scoile) agus na cuairteanna scoile, bhí ár gcomhpháirtíocht bríoch agus táirgiúil. Rinneamar nasc níos doimhne mar scoileanna le gníomhaíochtaí amhail comórtas cispheile agus ceardlann do thuismitheoirí agus léiríonn an dá scoil cé chomh domhain is a d'fhás an nasc seo.

Táimid bródúil as na caidrimh láidre a d'fhorbraíomar, atá bunaithe ar luachanna CA maidir le comhbhá, cuntasacht agus maithiúnas. Treoríodh na cuimhní agus na cleachtais seo muid agus muid ag fás agus ag comhoibriú amach anseo – b'fhéidir trí Féilte, fiú.



# Teagasc agus foghlaim

## Pobal Cleachtais chun tacú le múineadh agus foghlaim sa Bhéarla

### Coláiste an Phoirt Nua, Co. Thiobraid Árann

